Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15862/17**

**FAUXDOC 77**
**ENFOPOL 626**
**COMIX 855**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15216/17 |
| Ábhar: | Bainistiú céannachta<br>- Conclúidí ón gComhairle (18 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú céannachta, a ghlac an Chomhairle ag a cruinniú ar an 18 Nollaig 2017.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú céannachta**

DEARBHAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

AG FÉACHAINT do na teachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teideil *Stronger and Smarter Information Systems for Borders and Security* [Córais Faisnéise níos Láidre agus níos Cliste do Theorainneacha agus don tSlándáil][1], *Enhancing security in a world of mobility: improved information exchange in the fight against terrorism and stronger external borders* [Feabhas a chur ar an tslándáil i ndomhan ina bhfuil an tsoghluaisteacht i réim: malartú faisnéise feabhsaithe sa chomhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus teorainneacha seachtracha níos láidre][2], agus *Action plan to strengthen the European response to travel document fraud* [Plean gníomhaíochta maidir le neart a chur leis an bhfreagairt Eorpach ar chalaois doiciméad taistil][3],

AG FÉACHAINT do na conclúidí ón gComhairle maidir le plean gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le neart a chur leis an bhfreagairt Eorpach ar chalaois doiciméad taistil, a ghlac an Chomhairle ag an 3528ú cruinniú a bhí aici ar an 27 Márta 2017[4], ina dtugtar tosaíocht don tábhacht a bhaineann le doiciméid phórúcháin a bheith níos sláine chun calaois a chosc nuair a bhaintear úsáid astu mar fhianaise chéannachta, agus na conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais a leagan síos don chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe tromchúisí 2018 agus 2021, a ghlac an Chomhairle ag an 3539ú cruinniú a bhí aici ar an 18 Bealtaine 2017[5],

AG AITHINT DI a ríthábhachtaí atá próisis shábháilte d'fhonn céannacht a chlárú agus doiciméid phórúcháin agus chéannachta a eisiúint faoi chuimsiú bhainistiú níos leithne na céannachta, chun dul i ngleic le feiniméan na calaoise céannachta, chun feabhas a chur ar an tslándáil inmheánach agus chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac,

AG MEABHRÚ DI gurb iad na Ballstáit atá freagrach as doiciméid chéannachta a chlárú agus a eisiúint, cé gurb ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a leagtar síos na caighdeáin slándála agus na sonraí bithmhéadrachta le haghaidh doiciméid taistil; gur cheart, dá bhrí sin, bearta agus beartais sna réimsí sin a bheith bunaithe ar bhonneagair iontaofa láidre chéannachta,

[1] COM(2016) 205 final.
[2] 12307/16.
[3] 15502/16.
[4] 7696/17.
[5] 9450/17.

AG TABHAIRT DÁ hAIRD na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún Eorpach chun idirphlé a éascú agus chun comhar a chur chun cinn i measc na mBallstát maidir leis na saincheisteanna sin, lena n-áirítear trí mheasúnú a rinne sí le déanaí maidir leis an staid mar atá faoi láthair ar bhonn ceistneora maidir le saincheisteanna a bhaineann le céannacht a chlárú,

AG DÉANAMH COMHGHAIRDIS le hUachtaránacht na hEastóine as na hiarrachtaí a rinne sí chun saineolaithe de chuid na mBallstát i réimse bhainistiú na céannachta maidir le malartú faisnéise agus dea-chleachtais a thabhairt le chéile trí chruinniú speisialta téamach a eagrú, ar an 16 Samhain 2017, den Mheitheal um Theorainneacha / Doiciméid Bhréagacha, i ndáil le clárú céannachta,

IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair leanúnach atá á déanamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistiú céannachta ag eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus Europol,

GRÍOSAÍONN SÍ na Ballstáit chun obair leantach chuí a áirithiú maidir le cur chun feidhme na mbeart a liostaítear sa phlean gníomhaíochta, go háirithe i dtaca le céannacht a chlárú agus doiciméid a eisiúint mar bhealach chun dul i ngleic le feiniméan na calaoise i ndáil le doiciméid taistil, an tslándáil inmheánach a fheabhsú agus an sceimhlitheoireacht agus an choireacht eagraithe a chomhrac, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh ach go háirithe:

1. tuilleadh feabhas a chur ar mheicníochtaí roinnte faisnéise agus ar an gcomhar riaracháin mar bhealach chun bearnaí féideartha a shainaithint agus chun cur, gan stad, leis an éifeachtúlacht agus leis an tslándáil ó cheann ceann an tslabhra céannachta;

2. breathnú ar an mbealach is fearr le sláine na bpróiseas náisiúnta eisiúna a ráthú agus gan doiciméid bharántúla a eisiúint atá bunaithe ar chéannacht bhréagach, lena n-áirítear frithsheasmhacht na ndoiciméad pórúcháin a neartú ó thaobh na calaoise de;

3. teacht ar chomhaontú maidir le hailíniú na gcleachtas is fearr san Aontas, go háirithe i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le clárú céannachta, mar dhreasacht chun feabhas a chur ar na córais náisiúnta;

4. a seacht ndícheall a dhéanamh leibhéal áirithe caighdeánaithe a bhaint amach, chun na rioscaí a mhaolú agus chun cur chuige comhchoiteann a áirithiú i dtaca le bearta frithchalaoise ar fud an Aontais Eorpaigh;

5. aird a thabhairt do thionscadail a bhaineann le bainistíocht céannachta, amhail ORIGINS, ARIES agus an doiciméad dar teideal *Compendium of Good Practices in Identity Management in the OSCE Region* [Bailiúchán na nDea-Chleachtas Maidir le Bainistiú Céannachta i Réigiún ESCE], agus a ndícheall a dhéanamh chun obair leantach iomchuí a chur ar fáil dá réir sin ar an leibhéal náisiúnta;

6. an fhaisnéis is gá a chur ar fáil maidir le doiciméid phórúcháin trí úsáid a bhaint as bealaí faisnéise amhail inlíon FADO agus *the Europol Handbook on ID and Breeder Documents* [an Lámhleabhar Europol maidir le Doiciméid Chéannachta agus Phórúcháin], chomh maith le húsáid leanúnach na mbealaí sin a chur chun cinn;

7. Rialachán (CE) Uimh. 2016/1191 maidir le saorghluaiseacht saoránach a chur chun cinn a chur chun feidhme go pras, agus leas a bhaint as acmhainneacht an Rialacháin sin chun feabhas a chur ar shlándáil na ndoiciméad poiblí trí úsáid a bhaint as córas faisnéise an mhargaidh inmheánaigh (IMI), lena n-áirítear an reachtaíocht nua maidir le cosaint sonraí[6];

8. feabhas a chur ar an gcomhar déthaobhach le tríú tíortha tábhachtacha comhpháirtíochta chun tabhairt isteach na n-aitheantóirí bithmhéadracha ina gcláir dhaonra a chur chun cinn agus tacú leis sin, freisin;

9. a áirithiú go gcuirfí chun feidhme go hiomlán conclúidí na bliana 2005 ón gComhairle maidir le caighdeáin íosta slándála[7] maidir le slándáil na bpróiseas eisiúna.

---

6 Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

7 *Council conclusions on Common minimum security standards for national identity cards* [Conclúidí ón gComhairle maidir le caighdeáin íosta slándála le haghaidh cártaí aitheantais náisiúnta], 1-2 Nollaig 2005